

**Tamall ag guí i láthair na hEocairiste**

*i gCill Éinde, An Spidéal*

**Gach Satharn 10am—11am**

**Páidrín gach Domhnach**

**@ 6.00i.n.**

***Fáilte roimh cách***

**Más mian leat síntiús a thabhairt don paróiste ar líne, seo leanas uimhir chuntais:**

**Cill Éinde (Paróiste)**
IBAN: IE81AIBK93740104660088
BIC: AIBKIE2D


**Cill Éinde (Tuarastal an tSagairt)**
IBAN: IE50AIBK93740104660161
BIC: AIBKIE2D

**Oibreacha deisiúcháin riachtanacha**
IBAN IE02AIBK937401046608 31

**Míle Buíochas as bhur dtacaíocht**

## Seiteanna sa Spidéal

**ag tosú arís!**



Lá: Luan 14ú Meán Fómhair
*(agus chuile oíche Dé Luain)*

Áit: Coláiste Chonnacht

Am: 7.30 - 9.00 IN

Costas €5 ar gach rang

Glac misneach agus bí linn!
Fáilte Roimh Chách!

**Bain díot do chóta & cuir ort do bhróga!**

COIS FHARRAIGE
fóram um pleanáil teanga

## Dia Do Bheatha A Rí Na nGrás

Dia do bheatha ’Rí na ngrás,
Dia do bheatha ’fhuil ’s a fheoil,
A Thríonóid Naofa gan tús gan deir-eadh,
Ná bí ’bhfeirg liom níos mó.

Ná bí ’bhfeirg liom níos mó,
Báigh m’anam i bhfuil do ghrás,
A Dhia-dhuine, céad fáilte romhat,
Anois agus ar uair ár mbáis.

## Molaimis go léir an tAon-Mhac Críost


Molaimis go léir an tAon-Mhac Críost,
A cheannaigh go daor ar a’gcrois chéasta sinn,
A thiocfas gan baol dár saoradh ’rís,
Glóir do Dhia sna harda!

Míle buíochas leat, a AonMhic Dé,
A céasadh, a Rí is naofa dlí,
‘S a tháinig saor n éag arís,
Glóir do Dhia sna harda!

## Tuarastal an tSagairt don Fhómhair

Tá Tuarastal an tSagairt don Fhómhair ag teacht isteach anois. Clúdaigh breise ar fáil ar na boird do dhaoine nach dtógann an bosca.

**Míle buíochas as a bheith flaithiúl i gcónaí sna bail-iúcháin.**



# Paróiste An Spidéil

## 26ú Domhnach A

### 26ú/27ú Meán Fómhair 2026

An tAthair Daniel Gallagher S.P. www.cilleinde.ie
Oifig: 083 8126745 R*íomhphost:* cilleinde@outlook.ie
Uaireanta Oscailte:: Dé Máirt, Déardaoin, Dé hAoine 10.00 -2.00

## Aifrinn & Intinní na Seachtaine

### ⌖ *Cill Éinde, Spidéal*

| | | | |
|---|---|---|---|
| Dé Domhnaigh | 27ú | 11.00r.n. | Séamus Mac Conaonaigh 3ú Cuimhneachán *Coilleach*<br>Micheál Ó Coistealbha 5ú Cuimhneachán & a mhuintir *Páirc Láir*<br>Marie Landers (nee Feeney) Máire Colm Mairtín fuair bás Feabhra 2026 *Leitir Peic//Springfield, Mass.*<br>Seán & Nora Uí Chonghaile *Cré Dhubh* |
| Dé Céadaoin | 30ú | 10.00r.n. | |
| Déardaoin | 1ú | 10.00r.n | *Missa Pro Populo* |
| Dé hAoine | 2ú | 10.00r.n. | |
| Dé Domhnaigh | 4ú | 11:00r.n. | Maime Bn Uí Fhlátharta *Seannaghurráin/Boston*<br>Eileen Canavan **Dara Cuimhneacháin** *Baile an Domhalláin* |

### ⌖ *Cill Treasa, Ros a’Mhíl,*

| | | | |
|---|---|---|---|
| Dé Sathairn | 26ú | 6.30i.n. | *Missa Pro Populo* |
| Dé Sathairn | 3ú | 6:30i.n. | |

### ⌖ *Cill Mhuire, Na Minna*

| | | | |
|---|---|---|---|
| Dé Domhnaigh | 27ú | 9:30am | *Missa Pro Populo* |
| Dé Domhnaigh | 4ú | 9:30am | |

**Loinneog don Iontróid** – Dan 3:31, 29, 30, 43, 42
Gach a ndearna tú linn, a Thiarna, rinne tú iad mar go raibh sé tuillte againn; pheacaíomar i d'aghaidh agus níor ghéilleamar do d'aitheanta; ach tabhair glóir do d'ainm, agus láimhsigh sinn de réir do chineáltachta gan teorainn.

**Gníomh Aithrí**
A phobal Dé, tugaimis ár bpeacaí chun cuimhne chun gurbh fhiú sinn na rúndiamhra naofa a cheiliúradh.
**Admhaím do Dhia uilechumhachtach…..**
Go ndéana Dia uilechumhachtach trócaire orainn, go maithe sé ár bpeacai dúinn, agus go dtreoraí sé chun na beatha síoraí sinn. **Amen.**

A Thiarna, déan trócaire. **A Thiarna, déan trócaire.**
A Chríost, déan trócaire. **A Chríost, déan trócaire.**
A Thiarna, déan trócaire. **A Thiarna, déan trócaire.**

***An Ghlóir***
Glóir do Dhia sna harda,
**agus ar talamh síocháin do lucht dea-thola.**
**Molaimid thú; móraimid thú; adhraimid thú;**
**tugaimid glóir duit;**
**gabhaimid buíochas leat as ucht do mhórghlóire;**
**a Thiarna Dia, a Rí na bhflaitheas; a Dhia, a Athair uilechumhachtaigh.**
**A Thiarna, a Aonmhic, a Íosa Críost. A Thiarna Dia, a Uain Dé, Mac an Athar,**
**tusa a thógann peacaí an domhain, déan trócaire orainn; tusa a thógann peacaí an domhain, glac lenár nguí. Tusa atá i do shuí ar dheis an Athar, déan trócaire orainn.**
**Óir is tú amháin is Naofa; is tú amháin is Tiarna; is tú amháin is Ró-Ard, a Íosa Críost, mar aon leis an Spiorad Naomh: i nglóir Dé an tAthair. Amen.**

**Urnaí**
Is le taise agus le trócaire is mó a thaispeánann tú do mhórchumhacht dúinn, a Dhia. Tál orainn do thrócaire go fial ionas go leanfaimid sa tóir ar na nithe a gheall tú dúinn, agus go bhfaighimid ár gcion de ghlóir na bhflaitheas. Sin é ár nguí chugat trínár dTiarna. **Amen.**

## *Liotúirge an Bhriathair*

**An Chéad Léacht**
*Sliocht as leabhar Ezícéal fáidh – 18:25-28*
Seo mar a deir an Tiarna: 'Deir tusa: "Ní cóir iad gníomhartha an Tiarna." Éist liom, a mhuintir Isráél, nach cóir iad mo ghníomhartha? Nach iad bhur ngníomhartha féin atá míchóir? Má thréigeann an fíréan a fhíréantacht agus peacú, éagfaidh sé as; éagfaidh sé as an olc atá déanta aige. Arís, má thréigeann an drochdhuine a pheacaí agus déanamh mar is ceart agus mar is cóir, tabharfaidh sé a bheatha slán. De bhrí gur mhachnaigh sé agus gur thréig sé a pheacaí go léir, mairfidh sé go deimhin; ní bhfaighidh sé bás.' *Briathar an Tiarna.* **Buíochas le Dia.**

**Salm le Freagra** – Sm 24
*Fr: Cuimhigh ar do thrócaire, a Thiarna.*
1. Taispeáin do shlite dom, a Thiarna,
agus teagasc dom do rianta.
Treoraigh mé i d'fhírinne agus teagasc mé,
óir is tusa, a Dhia, mo Shlánaitheoir. *(Fr)*

2. Ortsa a bhím ag feitheamh ar feadh an lae,
mar gheall ar do chineáltas, a Thiarna.
Cuimhnigh ar do thrócaire, a Thiarna,
agus ar do bhuanghrá atá ann ó na cianta.
Ná cuimhnigh ar chionta m'óige,
ach amháin ar do bhuanghrá féin. *(Fr)*

3. Is maith is is díreach é an Tiarna.
Uime sin múineann sé an tslí do na peacaigh.
Díríonn sé an fear umhal san fhíréantacht;
múineann sé a shlí don fhear umhal. *(Fr)*

**An Dara Léacht**
*Sliocht as litir N. Pól chuig na Filipigh – 2:1-11*
A bhráithre, más fiú aon ní an sólás a fhaigheann sibh ó Chríost, más fiú aon ní an spreagadh a thagann ón ngrá, más fiú aon ní bhur gcumann leis an Spiorad, má tá cion nó trua ar bith ionaibh, cuirigí barr ar mo chuid áthais trí bheith ar aon aigne le chéile, ar aon ghrá, ar aon toil agus ar aon aigne. Ná déanaigí aon ní le teann iomaíochta ná le teann gaisce, ach sibh a mheas go huiríseal gur fearr daoine eile ná sibh féin. Ná bíodh aon duine agaibh ag cuimhneamh ar a leas féin amháin ach ar leas na gcomharsan chomh maith. Bígí ar aon mheon le hÍosa Críost:
Cé go raibh an nádúr diaga ann ó bhun, ní raibh sé cáiréiseach i dtaobh bheith ar chomhchéim le Dia.
Is amhlaidh a d'fhollmhaigh sé é féin ag glacadh chuige nádúr an tseirbhísigh agus ag teacht ar an saol ar nós chách eile.
I gcló an duine dó d'ísligh sé é féin trí bheith umhal go bás, fiú go bás na croise.
Sin é an fáth ar ardaigh Dia é os cionn chách agus bhronn air ainm atá os cionn gach ainm, i dtreo nuair a luafaí ainm Íosa go gcromfadh glúin gach neach ar neamh agus ar talamh agus faoin talamh, agus go ndearbhódh gach teanga in ómós do Dhia, gurb é Íosa Críost an Tiarna.
*Briathar an Tiarna.* **Buíochas le Dia.**

**Alleluia, alleluia!**
Is beannaithe thú, a Athair, a Thiarna neimhe agus talún, de chionn mar d'fhoilsigh tú do naíonáin rúndiamhra na ríochta.
**Alleluia!**

**Soiscéal** *Matha 21:28-32*
*Go raibh an Tiarna libh.* **Agus le do spiorad féin.**
*Sliocht as an Soiscéal naofa de réir N. Matha*
**Glóir duit, a Thiarna**.
Dúirt Íosa le huachtaráin na sagart agus le seanóirí an phobail: 'Bhur mbarúil air seo: Bhí beirt mhac ag duine. D'agaill sé duine acu ar dtús: A mhic," ar seisean, "téighse inniu ag obair san fhíonghort." D'fhreagrair sé é: "Tá go maith, a dhuine uasail," ar seisean; ach ní dheachaigh. D'agaill sé an dara duine ar an gcuma chéanna, agus b'é a fhreagra seo: "Ní dhéanfaidh mé," ar seisean; ach ina dhiaidh sin tháinig aiféala air agus chuaigh. Cé acu den bheirt a rinne toil a athar?' 'An dara duine,' ar siad. Dúirt Íosa leo: 'Deirim libh go fírinneadh, tá tosach ag na poibleacánaigh agus ag na striapacha oraibhse isteach i ríocht Dé. Óir tháinig Eoin chugaibh ar shlí na fíréantachta agus níor chreid sibh ann; na poibleacánaigh, áfach, agus na striapacha, chreid siad ann; agus cé go bhfaca sibhse é sin, níor bhuail an t-aiféala mall féin sibh chun go gcreidfeadh sibh ann.'
*Soiscéal Dé.* **Moladh duit, a Chríost.**

***Seanmóir:***
**Guí an Phobail**

***An Chré***
**Creidim in aon Dia amháin,**
**an tAthair uilechumhachtach, a rinne neamh agus talamh, agus an uile ní sofheicthe agus dofheicthe.**
**Agus in aonTiarna amháin Íosa Críost,**
**Mac Aonghine Dé,**
**an té a rugadh ón Athair sula raibh aon saol ann,**
**Dia ó Dhia, solas ó sholas, Fíor-Dhia ó Fhíor-Dhia;**
**an té a gineadh agus nach ndearnadh,**
**agus atá de chomhshubstaint leis an Athair:**
**is tríd a rinneadh an uile ní.**
**Ar ár son-na, an cine daonna,**
**agus ar son ár slánaithe, thuirling sé ó neamh.**
**Ionchollaíodh le cumhacht an Spioraid Naoimh é**
**i mbroinn na Maighdine Muire**
**agus ghlac sé nádúr daonna.**
**Céasadh ar an gcros é freisin ar ár son faoi Phointias Píoláit; d'fhulaing sé páis, agus adhlacadh é.**
**D'aiséirigh an treas lá de réir mar a d'fhógair na Scrioptúir; chuaigh suas ar neamh; tá ina shuí ar dheis an Athar.**
**Tiocfaidh sé an athuair faoi ghlóir,**
**le breithiúnas a thabhairt ar bheo agus ar mhairbh,**
**agus ní bheidh deireadh lena ríocht.**
**Creidim sa Spiorad Naomh,**
**Tiarna agus bronntóir na beatha,**
**an té a ghluaiseann ón Athair agus ón Mac.**
**Tugtar dó adhradh agus glóir, mar aon leis an Athair agus leis an Mac: is é a labhair trí na fáithe.**
**Creidim san aon Eaglais, naofa, chaitliceach, aspalda.**
**Admhaím an t-aon bhaisteadh amháin chun maithiúnas na bpeacaí.**
**Agus táim ag súil le haiséirí na marbh,**
**agus le beatha an tsaoil atá le teacht. Amen.**

## *Liotúirge na hEocairiste*

**Os Cionn na nOfrálacha**
A Dhia na trócaire, glac leis na íobairt seo uainn, agus déan di foinse fhial gach beannachta dúinn. Sin é ár nguí chugat trí Chríost ár dTiarna. **Amen.**
Rúndiamhair an chreidimh.
**A Shlánaitheoir an domhain, slánaigh muid, tusa a shaor muid trí do chros agus trí d'aiséirí.**

## *Deasghnáth na Comaoineach*

**Iarchomaoineach**
Go ndéana an rúndiamhair seo sinn a leasú idir anam agus chorp, a Thiarna. Go rabhaimid páirteach lenár dTiarna ina ghlóir, ós rud é go mbímid páirteach ina pháis san Aifreann nuair a fhógraítear a bhás. Sin é ár nguí chugat trí Chríost ár dTiarna. **Amen.**

**An Deasghnáth Deiridh**
*Go raibh an Tiarna libh*. **Agus le do spiorad féin.**
*Go mbeannaí Dia uilechumhachtach sibh, Athair, Mac agus + Spiorad Naomh*. **Amen.**